Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2011*

# *Teicneolaíocht*

## *Gnáthleibhéal*

***Dé hAoine, 24 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2:00 - 4:00***

Tá **trí** roinn sa pháipéar seo. Tabhair faoi **gach Roinn** díobh.
**Roinn A**: Croíchúrsa – Ceisteanna gearrfhreagra.
**Roinn B**: Croíchúrsa – Ceisteanna fadfhreagra.
**Roinn C**: Roghanna – Ceisteanna fadfhreagra.

## *Roinn A - Croíchúrsa* *(72 marc)*

***Treoracha:***

(a) *Freagair **naoi gceist** ar bith sna spásanna atá ann dóibh.*
*Tá 8 marc ag gabháil le gach ceist i Roinn A.*

(b) *Tarraing na sceitsí go léir le peann luaidhe.*

(c) *Tabhair ar ais an leabhrán seo ag deireadh an scrúdaithe.*

(d) *Scríobh do scrúduimhir sa bhosca atá ann di agus ar gach leathanach eile a úsáideann tú.*

| Uimhir an Ionaid |
| --- |
| |

| Roinn | Marc |
| --- | --- |
| Roinn A | |
| Roinn B | |
| Roinn C | |
| Iomlán | |
| Grád | |

***Scrúduimhir***:

# *Roinn A*. Freagair **naoi** gceist ar bith. Tá 8 marc ag gabháil le gach ceist.

**1.**

(i) Is gaireas ilfheidhmiúil iad fóin phóca nua-aimseartha. Ainmnigh **dhá** fheidhm atá acu seachas glaonna teileafóin a dhéanamh.




______________________________

______________________________

(ii) Le déanaí tá an fón póca tar éis forbairt ina Fhón Cliste. Ainmnigh **dhá** fheidhmchlár (*apps*) is féidir a úsáid le Fón Cliste.

1. ______________________________

2. ______________________________

**2.**



(i) Is ábhar *cumaisc* í coincréit. Abair cad is ciall leis an téarma seo.

______________________________

______________________________

(ii) Tá a lán táirgí ar fáil don ghairdín agus don tógáil atá déanta as *coincréit réamhtheilgthe*. Luaigh **dhá** shampla de tháirgí dá leithéid.


1. ______________________________

2. ______________________________

**3.**

Sa bhosca atá ann di, tarraing siombail do gheata **OR** a bheadh oiriúnach chun an solas sa halla a ghníomhachtú le ceachtar lasc.


geata **OR**




Críochnaigh an tábla fírinne don gheata loighice seo.

| Lasc A | Lasc B | Bolgán Solais |
|---|---|---|
| 0 | 0 | 0 |
| | | |
| | | |
| | | |

**4.**




Sa bhosca atá ann dó, déan sceitse 2T dea-chomhréireach den aonad stórála nuair a bhreathnaítear air sa treo ina bhfuil an tsaighead **A**.

**5.** Taispeánann an íomhá an fhaighneog tharrthála a úsáideadh nuair a tarrtháladh na mianadóirí sa tSile.



Mól **dhá** cheist a d'fhéadfaí a chur le linn chéimdhearaidh na faighneoige tarrthála seo.

Ceist 1:

______________________________________________

______________________________________________

Ceist 2:

______________________________________________

______________________________________________

**6.** Ainmnigh an cineál luamháin atá sna grafaicí **A** agus **B**.


**A:** ______________________________

**B:** ______________________________


Luaigh gnáthshampla **amháin** den dá chineál luamháin.

**A:** ______________________________

**B:** ______________________________



**7.**



do bhille **leictreachais**

Bord Gáis Energy *think beyond*

Mr Sam Sample,
Any Street,
Any Town,
Any County

| METER NO. | METER READINGS PRESENT | MINUS PREVIOUS | ELECTRICITY USED kWh | METER READING TYPES |
|---|---|---|---|---|
| Z000001234 | 6010 | 5065 | 945 | A: Actual reading<br>C: Customer reading<br>E: Estimated reading |

**Discount Tariff - Urban Day**

| **Description** | **Units** | **Rate** | **AMOUNT €** |
|---|---|---|---|
| Standing Charge | 61 days | 25.20 cent/day | 15.62 |
| 24 hour Units | 945 | 14.10 cent/kWh | 133.25 |
| Direct Debit Discount | | 12% | 15.99 CR |
| Total excluding V.A.T. | | | 132.88 |
| V.A.T. @ 13.5% | | | 17.94 |
| Invoice Total | | | 150.82 |

See reverse for:
Fuel mix and $CO_2$ emissions

| PLEASE PAY BY | TOTAL € |
|---|---|
| Direct Debit | 150.82 |

Ina **kWh** a thomhaistear an leictreachas a úsáidtear le haghaidh tithe cónaithe. Mínigh an giorrúchán **kWh** (i nGaeilge nó i mBéarla).


**kWh:** ____________________________________

Ar bhille míosúil, d'úsáid custaiméir 777 aonad leictreachais ar 14.10 cent/kWh. Má tá táille sheasta de €21.50 ann, ríomh an méid iomlán atá le híoc gan CBL san áireamh.

**Iomlán:** ____________________________________

____________________________________

**8.** Is féidir le mic léinn feabhas a chur ar obair thionscadail ach ábhair chuí a roghnú go cúramach. Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le haicrileach a roghnú mar ábhar d'obair thionscadail.



1. ________________________________________________

2. ________________________________________________

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** réamhchúram Sláinte agus Sábháilteachta ba chóir duit a chomhlíonadh agus snas á chur ar chiumhais de phíosa aicriligh.

1. ________________________________________________

2. ________________________________________________

**9.**

Mínigh cad is ciall leis an lipéad seo nuair a thaispeántar ar tháirge é.





________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

**10.**

Tá an Coinneálaí iPhone a thaispeántar le déanamh as aicrileach. Liostaigh **ceithre** phríomhchéim is gá chun an fheiste seo a dhéanamh.



1. ______________________________________________


2. ______________________________________________

3. ______________________________________________

4. ______________________________________________

**11.**

Ainmnigh an t-eagar giaranna a thaispeántar ag **A**.




**A**: ______________________________________


Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an eagar seo a úsáid in obair thionscadail.

__________________________________________

Luaigh gnáthfheidhm **amháin** atá ag an eagar giaranna seo.

__________________________________________

**12.**



Úsáid **dhá** theicníocht ghrafacha chun feabhas a chur ar léiriúchán grafach na cóimeála a thaispeántar.

**Leathanach Bán**

Leathanach Bán

Leathanach Bán